SUIRBHÉ REILIGÍ CHONTAE NA GAILLIMHE
CÉIM A TRÍ:

1. SUIRBHÉ REILIGÍ DO TOGHCHEANTAR CHONAMARA

2. LEABHRÁN DÁ THEANGACH A SHOLÁTHAR

TREORACHA DON TIONSCADAIL

Feabhrá 2008

Gníomh de Phlean Oidhreachta Chontae na Gaillimhe 2004-2008
Maoinithe ag Comhairle na hOidhreachta & Comhairle Chontae na Gaillimhe

1. RÉAMHRÁ

1.1 Cúlra

Tá 225 reilig i seilbh Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus meastar go bhfuil timpeall 250 reilig eile sa Chontae nach bhfuil faoi úinéireacht na Comhairle. Úirleachais (reiligí leanaí) is ea cuid mhór de na reiligí nach bhfuil faoi úinéireacht na Comhairle. Gach bliain faigheann an tOifigeach Oidhreachta agus Rannóg Timpeallachta na Comhairle cuid mhaith glaonna ó ghrúpaí reiligí, grúpaí oidhreachta, daoine atá sa Scéim Sóisialta Tuaithe agus ó ghrúpaí pobail faoi obair a dhéanamh ar reiligí de chuid na Comhairle agus reiligí nach mbaineann leis an gComhairle. Is beag eolais atá bailithe go dtí seo faoi reiligí na Comhairle atá sa chontae, mar sin moladh i 2006 go ndéanfaí suirbhé/iniúchadh ar na reiligí sin. Tá sé mar aidhm ag Suirbhé Reiligí Chontae na Gaillimhe bunachar cuimsitheach a chur ar fáil ina mbeidh eolas a bhaineann le gach reilig atá ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. Tabharfaidh an t-iniúchadh seo eolas bonnlíne chun bainistiú agus caomhnú cuí a dhéanamh ar na reiligí ar fad i gContae na Gaillimhe. Tá sé i gceist an obair a dhéanamh i gcomhar le rannóg IT na Comhairle, an t-eolas a chur ar fáil i bhformáid GIS, agus é a bheith ar fáil don Fhoireann Timpeallachta, Cúramóirí, Innealtóirí Ceantair, Pleanálaithe (go háirithe i dtaca le méadú ar reiligí atá ina Séadchomharthaí Cláraithe/Náisiúnta), Cartlannaithe, an tOifigeach Caomhnaithe agus an tOifigeach Oidhreachta. Bainfear úsáid as fearas GPS láimhe chun na comhordanáidí cruinne xy a fháil, glacfar pictiúir dhigiteacha de gach reilig agus déanfar an t-eolas ar fad a uaslódáil ar an gcóras GIS. Beifear in ann leagan clóite den suirbhé/iniúchadh a chur ar fáil i bhformáid a bheidh úsáideach do ghrúpaí pobail agus oidhreachta. Trí úsáid a bhaint as an bhformáid GIS beidh sé éasca eolas a chur leis de réir mar is gá.

I gCéim a hAon den iniúchadh i 2006, roinneadh ceantar an tsuirbhé ar bhunús Thoghcheantair agus cheantair Innealtóireachta Chontae na Gaillimhe. Rinneadh suirbhé ar cheantair Bhaile Locha Riach agus an Óráin Mhóir. Áirithe leo sin tá ceantair Innealtóireachta an Ghoirt, Bhaile Locha Riach, Phort Omna agus an Óráin Mhóir. I 2007 rinneadh suirbhé ar Thoghcheantair Bhéal Átha na Sluaighe agus Thuama – ceantair Innealtóireachta Bhéal Átha na Sluaighe Thoir agus Bhéal Átha na Sluaighe Thiar, Thuama Thoir agus Thuama Thiar.

1.2 Comhthéacs

Tabharfaidh Céim a Trí den iniúchadh eolas bonnlíne chun bainistiú agus caomhnú cuí a dhéanamh ar na reiligí ar fad atá ag an gComhairle i dToghcheantar Chonamara ar a n-áirítear na ceithre oilean áitrithe i gContae na Gaillimhe, mar atá Oileáin Árann agus Inis Bó Finne. Gníomh é seo de chuid *Phlean Oidhreachta Chontae na Gaillimhe 2004-2008*. Seo iad comhpháirtithe an tionscadail: Comhairle Chontae na Gaillimhe, Fóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe agus Comhairle na hOidhreachta.

Tá sé i gceist leabhrán dátheangach a chur ar fáil freisin ina léireofar ceisteanna, agus araile a bhaineann leis na reiligí agus an dóigh ar cheart déileáil leo. Léireofar freisin an saibhreas iontach atá i reiligí Chontae na Gaillimhe. Déanfar téacs an leabhráin a phlé agus a aontú leis an Oifigeach Oidhreachta

1.3 Aidhm

An aidhm atá leis an tionscadal seo ná clárú a dhéanamh i mbunachar ar **na reiligí údaráis áitiúil ar fad** i **dToghcheantar Chonamara** (ar a n-áirítear na 4 oileán áitrithe) i gContae na Gaillimhe (*Ceantair innealtóireachta an Chlocháin, Uachtair Ard agus na Ceathrú Rua*), reiligí nach bhfuil in úsáid a thuilleadh san áireamh. Beidh an suirbhé seo ina uirlís bhunúsach san fhorbairt ar chur chuige straitéiseach agus comhordaithe maidir le bainistiú agus caomhnú ar an oidhreacht sheandálaíochta agus thógtha i gContae na Gaillimhe.

Eolas atá le bailiú i gcás gach reilige, Mar shampla:

	Eolas a Theastaíonn	Treoirlínte
1.	ID na Reilige	Le tógáil as an mbunachar reatha atá ag Comhairle Chontae na Gaillimhe
2.	Ainm na Reilige	
3.	Baile Fearainn	
4.	Paróiste	Caitliceach (C) nó Eaglais na hÉireann (E na É), srl.
5.	Toghcheantar	
6.	Ceantar Innealtóireachta	
7.	Deoise	C, E na É, srl.
8.	Stádas Reatha	Oscailte nó Dúnta
9.	Creideamh	C, E na É, Measca, eile más eol
10.	Úinéir	
11.	Tiomnú Reatha	Naomh atá luaite leis an reilig
12.	Ionad Adhartha Leis?	Tá nó Níl
13.	Bóthar is Gaire	Uimhir an bhóthair, ar fáil ó CCG
14.	Líon uaigheanna	
15.	Cineál Teorann	Balla cloiche, Balla blocanna, Balla brící, Fál, Ráillí, Fál sceach, Móta, Measca, Eile
16.	Riocht na Teorann	Go Maith, Réasúnta, Go hOlc
17.	Oidhreacht Nádúrtha	Crainn shuntasacha, eidhneán, fásra eile, flóra agus fauna cosanta, suímh ainmnithe.
18.	Riocht na reilige	Coinnithe, Fiáin
19.	Comharaíocht treo don reilig	Tá nó Níl agus an cineál
20.	Riocht na Comharaíochta Treo	Go Maith, Réasúnta, Go hOlc
21.	Painéal Eolais ag an Reilig	Tá nó Níl
22.	Riocht an Phainéil Eolais	Go Maith, Réasúnta, Go hOlc
23.	Comharthaí Loitiméireachta	Tá nó Níl
24.	Comhordanáidí xy ó fhearas GPS láimhe GEKO	Oirlíne & Tuaidhlíne Sé Dhigit ón ENÉ (Eangach Náisiúnta Éireann)
25.	Taifead Séadchomhartha & Áiteanna (TSÁ) – Tag:	Tabhair uimh. thag. an TSÁ
26.	Taifead Struchtúr atá Faoi	Tabhair na comhordanáidí xy

	Eolas a Theastaíonn	Treoirlínte
	Chosaint (TSC) – Tag:	
27.	Struchtúir Ghaolmhara atá faoi Chosaint (SC)	An bhfuil struchtúir eile faoi chosaint sa reilig? Tá nó Níl
28.	Clár na nUaigheanna	An bhfuil clár coinnithe de na huaigheanna sa reilig? Tá nó Níl
29.	Suíomh Chlár na nUaigheanna	Cá gcoinnítear an clár?
30.	Dáta Tosaithe Chlár na nUaigheanna	
31.	Dáta ar Osclaíodh an Reilig	Más eol
32.	Cuntas ar an Reilig	An bhfuil séipéal ar fáil? Fothrach nó fós in úsáid? Másalaem? Leachtaí Cuimhneacháin? Struchtúir eile sa reilig? Toisí na reilige, líon na n-uaigheanna, agus sonraí faoi aon mhapa iontaofa ina bhfuil suímh na n-uaigheanna éagsúla, srl.
33.	Innealtóir Ceantair – Sonraí Teagmhála	
34.	Teagmháil don Chléir	Ainm agus seoladh an tSagairt Pharóiste / Reachtaire don reilig
35.	Cláraitheoir / Airíoch – Sonraí Teagmhála	Ainm agus seoladh an chláraitheora nó an Airígh
36.	An bhfuil Coiste Reilige ann?	Tá nó Níl
37.	Teagmháil do Choiste na Reilige	Sonraí teagmhála do Choiste na Reilige
38.	Bealach Isteach	Bóthar poiblí nó príobháideach? Tearáilte nó gan teara? Gairbhéal nó clocha cladaigh? Trasna páirce? Líon na spásanna páirceála do charranna?
39.	Oiriúnacht do chathaoir rothaí	Go Maith, Réasúnta, Go hOlc
40.	Mapa de na Leachtanna	An bhfuil mapa déanta ag aon duine de na clocha cinn & na leachtanna sa reilig? Tá nó Níl
41.	Cá bhfuil an mapa	Cén áit ar féidir leis an bpobal cóip den mhapa seo a fheiceáil?
42.	Liosta de na scríbhinní reilige agus mapa ar fáil	An bhfuil sonraí inscríbhinní na gcloch cinn sa reilig bailithe ag aon duine? Tá nó Níl. An bhfuil an reilig mapáilte? Cén áit ar féidir an mapa a fháil?
43.	Suíomh na nInscríbhinní	Cén áit ar féidir leis an bpobal breathnú ar an eolas sin?
44.	Tagairtí Áitiúla Foilsithe atá ar Eolas	An bhfuil foilseachán stairiúil áitiúil ar fáil ina bhfuil eolas faoin reilig seo? Tá nó Níl

	Eolas a Theastaíonn	Treoirlínte
45.	Tagairtí Áitiúla Foilsithe atá ar fáil i Leabharlann an Cho.	An bhfuil cóip den leabhar staire áitiúil seo i Leabharlann an Cho.? Tá nó Níl
46.	Teidil na dTagairtí Áitiúla Foilsithe	Teideal & Údar an fhoilseacháin staire áitiúil
47.	Suíomh na reiligí ar fad marcáilte ar Mhapaí Discovery Series 1:50,000	Cuir X ar ionad beacht na reilige ar an mapa agus cuir ID na Reilige lena ais. Ní mór an mapa sin a cheangal leis an mbunachar ACCESS ag úsáid an ID Reilige reatha atá ag Comhairle Chontae na Gaillimhe
48.	Suirbhé Grianghrafadóireachta	Íomhánna digiteacha @ ardtaifeach. Pictiúr tírdhreacha a thaispeánfaidh suíomh na reilige. Pictiúir de ghnéithe eile den reilig ar a n-áirítear an bealach isteach, séipéal, leachtanna suntasacha. Ba chóir go mba leor 6 ghrianghraf i bhformhór na reiligí. Ní mór na grianghraif a stóráil i bhfillteán ar leith do gach Reilig. Bíodh ainm an fhillteáin ar aon dul le ID na Reilige. Bíodh an formáid comhoiriúnach do PC.

Ní mór na sonraí ar fad a bhailítear a ionchur sa bhunachar ACCESS atá bunaithe cheana féin, comhordanáidí cruinne GPS a bheith leo agus iad sin mar aon leis na grianghraif a aistriú chuig an gcóras GIS. Bunaíodh an córas reatha dó sin i gCéim a hAon agus baineadh úsáid as arís i gCéim 2.

Tá eolas bunúsach tiomsaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi roinnt reiligí atá faoi chúram na Comhairle. Cuirfear an t-eolas sin ar fáil.

Ní mór na sonraí ar fad a bhailítear a ionchur sa bhunachar ACCESS mar aon le comhordanáidí GIS, mapaí den ionad agus na grianghraif.

Cáilíochtaí inmhianaithe don tionscadal seo is ea suim i stair áitiúil, scileanna maithe cumarsáide, eolas ar Microsoft ACCESS, GIS, carr agus ceadúnas iomlán tiomána.

Léireoidh na leabhráin dátheangacha ceisteanna a bhaineann leis na reiligí agus conas déileáil leo, m.sh. eidhneán a ghearradh, déileáil le blúirí cloiche, tabhairt faoi staidéar/tionscadal ar an reilig. Léireofar freisin an saibhreas iontach atá i reiligí Chontae na Gaillimhe.

2. FREAGRA AR AN TAIRISCINT

Ní mór mioneolas a bheith sa fhreagra i dtaca leis an modh oibre atá molta agus na nithe seo a bheith sa chuntas sin:

- An bealach a bhfuil sé i gceist ag an iarratasóir an tionscadal seo a dhéanamh: Ráiteas faoin modh oibre, ábhar tagartha a úsáidfear, comhairliúchán atá pleanáilte agus amchlár sonrach.
- Plean acmhainní a léireoidh briseadh síos ar na huaireanta daonna idir gairmeacha (más cuí) agus céimeanna oibre.
- Briseadh síos sonrach ar na costais mheasta a bhainfidh le gach gné den suirbhé.
- Ní mór sonraí soiléire a bheith sna tograí faoi scileanna agus taithí fhoireann an tionscadail, ar a n-áirítear réimse na scileanna ábhartha gairmiúla a bheadh in úsáid, ainmneacha agus CVanna gach ball den fhoireann a bheadh i gceist. Ní mór sonraí a thabhairt freisin faoin taithí ábhartha atá ag na daoine atá molta, ceannasaí an tionscadail san áireamh. Luaigh aon taithí atá ag an iarratasóir cheana féin maidir le heolas den chineál céanna a bhailiú as tacar reatha sonraí, ar nós Taifead Séadchomhartha & Áiteanna, Taifead Struchtúr atá Faoi chosaint, Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta.
- Luaigh aon taithí atá ag an iarratasóir cheana féin faoi eolas áitiúil a bhailiú bunaithe ar theagmhála agus ar fhiosrúcháin áitiúla – eolas ó choistí reiligí, ó ghrúpaí oidhreachta áitiúla agus daoine eolacha aonair a mbeadh eolas acu faoi Inscríbhinní Reilige agus Foilseacháin Áitiúla a bhaineann le reiligí.

3. NITHE GINEARÁLTA

3..1 Buiséad

Buiséad de €25,000 atá ar fáil don tionscadal seo. Áirithe ansin tá CBL agus na costais ar fad a bhaineann le cur i gcrích an tionscadail, ar nós taisteal, glaonna teileafóin, taighde, srl. Beidh gá le teastas imréitigh cánach reatha.

3..2 Tuairiscí a scríobh agus spriocamanna

Tá sé riachtanach go mbeadh taithí ag an iarratasóir ar thuairiscí soiléire, beachta a scríobh don phobal i gcoitinne agus ar oibriú taobh istigh de spriocamanna daingne.

3..3 Riachtanais Chomhairle Chontae na Gaillimhe

- Beidh gá le teastas imréitigh cánach reatha. Bainfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe cáin shiarchoinneálach as an íocaíocht.
- Teastóidh Árachas Dliteanais Phoiblí (chun Comhairle Chontae na Gaillimhe a shlánú)
- Ráiteas Sábháilteachta

3..4 Amscála

Cuirfear tús leis an tionscadal i Aibreáin 2008, teastóidh tuarascáil eatramhach i Iúil 2008 agus beidh an tuarascáil dheiridh ag teastáil faoin 31 Deireadh Fómhair 2008.

3..5 Formáid agus caighdeán na dtuairiscí

- Ní mór do na sonraí sa bhunachar ACCESS agus na comhordanáidí GPS a bheith comhoiriúnach leo sin i gCéim a hAOn agus a Dó (mar atá iarrtha i sonraí an tionscadail), agus nasc grianghraf san áireamh, i dtaca leis na reiligí atá i seilbh Chomhairle Chontae na Gaillimhe i dToghcheantar Chonamara.
- Teastóidh saorchóip chrua dhaite den tuarascáil dheiridh mar aon leis na bunghrianghraif agus 8 gcóip cheangailte. Teastóidh cóip leictreonach de na tuairiscí ar fad (i bhfoirm Microsoft Word/ ACCESS), mar aon leis na grianghraif go léir, figiúirí, srl.
- Freisin, ní mór an t-eolas a bheith i bhformáid a fhéadfar a lódáil ar chóras GIS na Comhairle.
- Teastóidh tacar de na cártaí amhshonraí ar fad a úsáideadh le linn an tsuirbhé agus iad lipéadaithe go beacht, mar aon le mapaí agus bileoga páirce.
- Teastóidh cóip lipéadaithe de gach grianghraf a glacadh agus cóipcheart ag Comhairle Chontae na Gaillimhe orthu, mar chruachóipeanna agus ar dhiosca (ag taifeach as a bhféadfar cóip phriontáilte 7" x 5" a fháil astu). Nótáil: Ní mór na grianghraif ar fad a bheith digiteach agus ar ardtaifeach (300 dpi).
- Teastóidh dhá léiriúchán de na príomhthorthaí a gheofar as an suirbhé. Déanfar ceann acu sin d'Fhóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe, agus d'fhoireann an údaráis áitiúil (na hairígh san áireamh), agus an ceann eile don phobal i gcoitinne agus grúpaí atá cláraithe le Gréasáin Oidhreachta Chontae na Gaillimhe.
- An téacs dheiridh don leabhrán.

3..6 Cóipcheart agus rúndacht

Caithfidh an comhairleoir a cheapfar cóipcheart ghrianghraf an tsuirbhé agus an téacs don leabhrán, srl. a shannadh do Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Caithfidh an comhairleoir an chóipcheart a ghlanadh d'aon léaráid nó ábhar eile a úsáidfear. D'fhéadfadh go gcuirfeadh Comhairle Chontae na Gaillimhe coda den tuarascáil ar fáil don phobal lena úsáid.

3..7 Cartlannú

Ní mór na hábhair ar fad a bheith i riocht gur féidir iad a chartlannú go daingean. Ní mór stíl agus ábhar na dtuarascálacha a bheith mar atá sonraithe i ndoiciméad Chomhairle na hOidhreachta, *Standardisation of publication styles for Heritage Council report*s, atá ar fáil ag http://www.heritagecouncil.ie/ publications/index.html.

3..8 Saoráil Faisnéise

Feidhmíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, agus d'fhéadfadh an t-eolas ar fad atá i seilbh na Comhairle a bheith i gceist in iarratais a dhéanfaí faoin Acht sin.

3..9 Agallamh

D'fhéadfadh go roghnófaí iarratasóirí le dul faoi agallamh sula ndéanfar an cinneadh deiridh.

3..10 Cumarsáid

Chun cothromaíocht a chinntiú do na hiarratasóirí, ní rachaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe i bhfeighil aon chomhfhreagras ná plé leis na hiarratasóirí ná lena ngníomhairí i rith thréimhse ullmhúcháin na n-iarratas.

Tabharfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe agus a chomhpháirtithe an aird chuí ar aon soiléiriú a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil, ar choinníoll go léirítear sin in aighneacht na n-iarratasóirí.

3..11 Amscála

Caithfidh an tionscadal seo a bheith críochnaithe ar an **31 Deireadh Fómhair 2008**.

3..12 Bainistiú agus monatóireacht an tionscadail

Déanfaidh grúpa stiúrtha de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Fhóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe bainistiú ar an tionscadal. Is é Comhairle Chontae na Gaillimhe an cliant. Déanfar teagmháil ó lá go lá leis an Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe.

3..13 Ní mór freagraí ar an tairiscint seo a sheoladh chuig:

Ní mór 'Suirbhé Reiligí 2008' a scríobh ar gach iarratas agus iad a chur chuig:

Bríd Higgins
Oifigeach Oidhreachta Sealadach
Réamhphleanáil
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Cnoc na Radharc
Gaillimh

Ní ghlacfar le hiarratais tar éis 4.00pm ar an Aoine 14ú Márta 2008.

Ní féidir glacadh le moltaí tar éis an spriocam seo.

Ní ghlacfar le iarratais seolta ar ríomhphost ná ar facs.